


Snáithe: Dúile Beo

Snáithaonad: An Bheatha Dhaonna

- Déan imscrúdú ar na codanna is tábhachtaí de cholainn an duine a úsáidtear i gcluichí iománaíochta, camógaíochta, i gcluiche corr, i liathróid láimhe agus i bpeil Ghaelach

BILEOGA OIBRE 6A, 6B

- Ainmnigh na codanna den cholainn a bhfuil cosaint uathu nuair atá na cluichí seo á n-imirt.
- Smaoinigh ar an gcaoi a dtacaíonn agus a gcosnaíonn cnámharlaigh agus matáin an cholainn nuair atá na cluichí á n-imirt.
- Pléigh an tábhacht atá ag ailt chun daoine a chumasú chun páirt a ghlacadh sna cluichí thuas, an rosta, na glúine, na huillinneacha srl.
- Déan tomhais ar ráta cuisle (déan taifead de na torthaí i ndiaidh chineálacha éagsúla aclaíochta) **BILEOGA OIBRE 6B**



Nod: Bheadh an póstaer 'An Cnámharlach' atá foilsithe ag an nGúm cabhrach don tasc seo.

<http://www.lawrencehallofscience.org/familyhealth/activities/vitalsigns/vitalsigns.html>

Taispeánann an láithreán gréasáin seo do na páistí conas a gcuisle a aimsiú agus a thomhas. Tá comhtháthú maith ann le mata agus le ham, m.sh. an cuisle a fháil ar feadh 15 soicind agus í a mhéadú faoi 4 chun an cuisle tar éis nóiméid a fháil.

Turgnamh

Déan tomhais ar cé mhéid aeir atá de dhíth chun na scamhóga a líonadh.

Na rudaí a bheidh ag teastáil: Báisín mór uisce, buidéal plaisteach mór 5 lítear a bhfuil claibín air, píobán plaisteach, seantuaillí le haghaidh mapála.

Ullmhúchán:

Doirt toirt aitheanta uisce isteach, m.sh. 1 lítear, 2 lítear, 3 lítear, 4 lítear, 1.5 lítear, 2.5 lítear, 3.5 lítear, 4.5 lítear, agus marcáil na toirteanna ar an mbuidéal mór plaisteach.

1. Líon an buidéal 5 lítear go hiomlán le huisce agus cuir an claibín air.
2. Iompaigh bun os cionn é sa bháisín uisce agus bain an claibín de.
3. Cuir ceann amháin den píobán plaisteach sa bhuidéal, gan aon aer a ligean amach más féidir.
4. Tóg anáil mhór agus ansin séid isteach sa píobán go dtí nach bhfuil tú in ann anáil amach a thuilleadh.
5. Céard a tharlaíonn?
6. Déan taifead de do thoradh.

Toradh:

Taispeánann an méid spáis fholaimh ag barr an bhuidéil an méid aeir a bhí i do scamhóga agus a bhrúigh an t-uisce amach.

Próisis Bheatha an Duine

- Tuiscint shimplí a fhorbairt maidir le bia agus le cothú.
- an tábhacht atá le réim bia atá sláintiúil meáite.
- an tábhacht atá le bia d'fhuinneamh agus d'fhás.
- leag amach agus ullmhaigh biachlár meáite dea-chothaitheach do dhuine atá ag traenáil le foireann contae CLG

BILEOG OIBRE 6C



Snáithaonad: Plandaí agus ainmhithe

- Déan roinnt imscrúduithe ar chrann fuinseoige más féidir ceann a aimsiú sa timpeallacht áitiúil. Beidh ullmhúchán agus ionchur ag teastáil ón múinteoir anseo. Tá an t-eolas le haghaidh na gníomhaíochtaí seo a leanas ar fáil ar an láithreán gréasáin seo:
- http://www.wildkids.org.uk/tree_measure.htm
- Is féidir leis an láithreán gréasáin seo, atá feiliúnach do páistí, an t-eolas riachtanach a sholáthar don mhúinteoir nó don dalta, nó don bheirt acu, maidir le tiús, mar aon leis an gcaoi chun aois agus airde an chrainn a thomhas.
- Cabhraíonn an láithreán gréasáin seo a leanas le tiontú aonad ó throithe agus orlaigh ar mhiosúr go méadair agus ceintiméadair chun go gcuirfear é leis an achar ón gcrann sna haonaid mhéadracha chéanna.
- http://www.engineeringtoolbox.com/length-units-converter-d_1033.html
- Ríomh airde an chrainn **BILEOG OIBRE 6D**
- Ríomh aois an chrainn **BILEOG OIBRE 6D**
- Tar éis na n-imscrúduithe seo a bheith déanta acu (i ngrúpaí b'fhéidir), d'fhéadfaí na leanaí a spreagadh ansin chun iniúchadh crann a dhéanamh. Tá an teimpléad dó seo le fáil ar **BHILEOG OIBRE 6D** freisin.



Snáithe: Ábhair

Snáithaonad: Airíonna agus Tréithe Ábhar

- Déan imscrúdú ar na hábhair atá in úsáid i ngeansaithe CLG faoi láthair agus pléigh a gcuid airíonna.
- Déan imscrúdú ar bhunús na n-ábhar seo.
- Ábhair nádúrtha mhonaraithe a aithint agus an chaoi a bpróiseáiltear agus a ndéantar roinnt díobh seo a thuiscint.
- an chaoi a ndéantar an liathróid.
- an chaoi a ndéantar an camán: **BILEOG OIBRE 6D**. Is éard atá i gceist leis an mbileog oibre seo ná na páistí a chur ag machnamh faoin gcaoi a ndearnadh an camán mar aon *le Scéal an Chamáin* a léiriú i bhformáid pictiúrtha. D'fhéadfaí na páistí a spreagadh ansin chun a smaointe a roinnt agus aon chéimeanna a d'fhéadfadh a bheith fágtha ar lár acu a fhoghlaim óna chéile. Mar obair a leanfadh uaidh seo, d'fhéadfadh an múinteoir an cinneadh a dhéanamh roinnt den mhíneolas thíos a thabhairt do na páistí agus is féidir leis na páistí ansin liosta oile a dhéanamh de na céimeanna atá i gceist i ndéantús camán. Is ar an snáithaonad atá an bhéim: ábhair agus athrú, agus an chaoi ar tharla athrú don adhmaid ón gcrann fuinseoige nuair a rinneadh camán as. D'fhéadfaí gníomhaíocht den chineál céanna a dhéanamh do pheil Ghaelach nó do dhéantús geansaí fiú.

An chaoi a ndéantar camán

1. Roghnaítear crainn fheiliúnacha fuinseoige agus marcáiltear iad chun iad a ghearradh. Ba cheart go mbeadh crann feiliúnach óg. Ba cheart go mbeadh an crann saor ó lochtanna don chéad 1 go 1 ? méadar. Ba cheart go mbeadh fréamhacha acu atá forbartha go maith, go hidéalach 3 nó 4 fhréamh in aghaidh an chrainn agus gach fréamh méar-réise ar leithead. Is fearr crainn fuinseoige atá ag fás in ithir a bhfuil bonn cailce nó aoil acu. Bíonn gearradh speisialta ag teastáil, mar sin is é an déantóir camáin féin nó duine atá oile le sábh slabhrach a leagann na crainn. Ní féidir buainteoírí a úsáid chun fuinseoga camáin a leagan.



- Tugtar na 'butaí camáin' mar a ghlaitear anois orthu chuig na muilte sábhadóireachta. Gearrtar an crann suas ina bplainc atá thart ar 1 1/8 orlach ar leithead.
 - Cuirtear na plainc ina seasamh agus spásanna eatarthu agus fágtar iad chun 'aerú'. D'fhéadfadh sé seo idir 6 mhí agus 18 mí a thógáil.
 - Nuair atá an cion taise ceart sna plainc, tugtar chuig an geardlann iad.
 - Marcáiltear na plainc le teimpléad.
 - Chomh luath agus atá siad marcáilte amach, gearrtar amach iad trí shábh láimhe nó sábh uathobrithe a úsáid. Tá siad réidh anois le cur sna deileanna cóipeála do chamáin.
 - Tá cruth camáin ar na plainc anois ach tá siad 1 1/8 orlach ar leithead i gcónaí.
 - Tá na deileanna seo in ann idir dhá chamán agus ocht gcamán a dhéanamh ag aon am amháin.
 - Téann na camáin ar ais chuig na sábh láimhe anois agus gearrtar iad ag a bhfad cruinn.
 - Téann na camáin anois ar ais chuig binse an déantóra camáin. Cuireann sé bailchríoch orthu ag úsáid plánaí agus tarrscamhairí (spokeshaves). Is ag an gcéim seo a chuirtear cothromaíocht sa chamán.
 - Tá an camáin réidh anois le haghaidh a ghreanála. Téann an camán trí chlár greanála ina bhfuil dhá chéim. Ar dtús, greanáiltear iad le crios greanála a bhfuil griothal garbh air agus níos deireanaí le crios níos míne.
 - Tá siad réidh ansin le haghaidh cóireáil leasaithe, ola rois mar shampla.
 - Ar deireadh, cuirtear stampa ar na camáin agus réimnítear iad mar chamáin idir-chontae, camáin speisialta agus gnáthchamáin.
 - Tá siad réidh anois le díol
- Déan imscrúdú ar pháirteanna éagsúla an chamáin agus a bhfeidhmeanna **BILEOG OIBRE 6D**



Snáithe: Fuinneamh agus Fórsaí

Snáithaonad: Fórsaí

- Déan imscrúdú ar na bealaí éagsúla atá ann chun sliotar a bhualadh (guairneáil, labáil, sciobtha, mall) **BILEOG OIBRE 6E**. Sa chás seo, tá ar na páistí tic a chur in aice leis an spórt a mbaineann na fórsaí ainmnithe leo, m.sh. baineann pas doirn le peil ach ní le hiomáint. Ba cheart na leanaí a spreagadh chun an cineál fórsa atá i gceist le gach gníomh a phlé, an brú a bhí ann, nó tarraingt, nó an dá rud.
- Déan imscrúdú ar an éifeacht atá ag frithchuimilt ar ghluaiseacht an tsliotair agus na liathróide, trí na dromchlaí a mbíonn an cluichí á n-imirt orthu a scrúdú ar **BHILEOG OIBRE 4**. Déanann na páistí imscrúdú anseo chun réamh-mheas a dhéanamh maidir leis an bhfad a imeoidh an sliotar ar dhromchlaí éagsúla. Beidh na páistí in ann oibriú amach ansin cé acu de na dromchlaí a chuireann an méid is mó frithchuimilte ar an sliotar. Frithchuimilt an fórsa a chuireann an méid is mó moille ar an sliotar. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina shainmhíniú ar fhrithchuimilt: 'an fhriotaíocht do ghluaiseacht idir dhá dhromchla atá i dteagmháil lena chéile'.
- Pléigh na torthaí a bhí ar a n-imscrúduithe ar fhrithchuimilt. **BILEOG OIBRE 6E**.
- Teacht ar thuiscint gur fórsa é an domhantharraingt. Má chaitheann na páistí liathróid suas san aer, tá siad ag cur fórsa i bhfeidhm uirthi, sa chás seo brú. Ach céard é an fórsa atá ina údar don liathróid teacht anuas arís? Beidh múinteoirí in ann roinnt smaointe deasa a fháil chun dul ag plé le domhantharraingt ón láithreán gréasáin seo a leanas:
- <http://www.galaxy.net/~k12/space/notes.shtml>
- Déan imscrúdú ar an bpointe teagmhála is fearr do phoc sleasa, do phoc pionóis srl. chun an fórsa is mó a chruthú **BILEOG OIBRE 6E**. Is éard atá i gceist anseo ná na páistí a bheith páirteach in imscrúdú praiticiúil maidir leis an bpáirt de chamán a sholáthróidh an fórsa is fearr don pháiste nuair atá poc pionóis á thógáil aige nó aici, nuair atá fórsa díreach láidir ag teastáil nó nuair a chaitear an sliotar a ardú nó a bhrú suas san aer chun é a bhogadh.

